## Ag Caint faoi *The Table*

**Plé** 10-15 nóiméid

Tógamid nóiméad le chéile, i gciúnas, ag smaoineamh siar ar ár gcuairt chuig *The Table.*

Ceisteanna molta[1]

- Céard a bhí ag tarlú sa dráma *The Table*? [Cuir tús leis an bplé]
- Céard a chonaic tú, nó a chuala tú, a spreagann an tuairim sin? [Iarr ar na páistí fianaise a thabhairt le tacú lena dtuairimí]
- Céard eile a bhí ann? [Iarr tuairimí difriúla]

Moltaí le comhrá a spreagadh

- Tá sé an-tábhachtach go gcloistear daoine agus go dtugtar meas dóibh le rannpháirtíocht a chothú. Breathnaigh ar an ndalta atá ag caint. Sméid do cheann agus déan mionghháire.
- Éist go cúramach le gach dalta agus déan aithinsint ar an méid a deir siad don rang. D'fhéadfá forbairt a dhéanamh ar an bhfoclóir trí fhocla éagsúla a úsáid san athinsint, ach bí cinnte gan ábhar cainte ná tuairim an pháiste a athrú.
- Coinnigh súil ar na tuairimí éagsúla a nochtar agus déan nasc eatarthu, ag tabhairt aitheantais do thuairimí difriúla agus smaointí nua.

[1] Yenawine, Philp. "Visual Thinking Strategies" Cambridge Mass.: Harvard University Press 2013.

## Ag Smaoineamh faoi *The Table*

Tá easaontú ann i rith an dráma. Níl fonn ar Liam, Peg ná Seamus The Landlord's Song a chanadh ach síleann Bridget, Siobhán agus Mick go mba cheart é a chanadh.

The Landlord's Song (D'fhéadfá Sampla 1 a thaispeáint ar an gclár bán)

*We are the proud people of Dickensonstown.*
*Our landlord is a great man of renown*
*He gives us his Table to use every day*
*Oh the great table of Dickensonstown*
*To allow us have it shows us his great ways*
*He is Wonderful Generous and Greaaat.*
*Ohhhh The great, great, great, great, great*
*Landlord of Dickensonstown.*

**Gníomhaíocht**: **Díospóireacht Siúil** Spreagann an gníomhaíocht seo smaointeoireacht chriticiúil, éisteacht ghníomhach agus muinín i gcur in iúl a dtuairimí i measc na ndaltaí.

Rún na Díospóireachta: Ba cheart dóibh *The Landlord's Song* a chanadh.

Ullmhúchán

- Déan spás sa seomra le gur féidir leis na páistí bogadh thart go héasca.
- Croch trí chomhartha ar an mballa le spás eatarthu: I gcoinne / I bhfábhar / Nílim cinnte

An ghníomhaíocht:

1. Léann an múinteoir amach rún na díospóireachta
2. Bogann na daltaí i dtreo an chomhartha a léiríonn a dtuairim féin
3. Iarrtar ar na daltaí a dtuairim a mhíniú/a chosaint duine ar dhuine
4. Má athraíonn dalta an tuairim atá acu bunaithe ar thuairim dhuine eile, bogann siad i dtreo an duine sin.

**Ceacht Scríbhneoireachta Breise:** Féach Bileog Ghníomhaíochta 1

I ndiaidh na Díospóireachta Siúil tabhair seans do na daltaí achoimre dá bhfreagraí a dhéanamh Bileog Ghníomhaíochta 1

Tá go leor moltaí faoi dhíospóireachtaí siúil ar fáil anseo:

https://www.jct.ie/perch/resources/english/walking-debate-strategy-sheet-2.pdf

# The Landlord’s Song / Amhrán an Tiarna Talún

We are the proud people of Dickensonstown.
Our landlord is a great man of renown
He gives us his Table to use every day
Oh the great table of Dickensonstown
To allow us have it shows us his great ways
He is Wonderful Generous and Greaaat.
Ohhhh The great, great, great, great, great
Landlord of Dickensonstown.

# Ag Smaoineamh faoi *The Table*



Tá easaontú ann i rith an dráma. Níl fonn ar Liam, Peg ná Seamus The Landlord's Song a chanadh ach síleann Bridget, Siobhán agus Mick go mba cheart é a chanadh.

**The Landlord's Song / Amhrán an Tiarna Talún**

We are the proud people of Dickensonstown.
Our landlord is a great man of renown
He gives us his Table to use every day
Oh the great table of Dickensonstown
To allow us have it shows us his great ways
He is Wonderful Generous and Greaaat.
Ohhhh The great, great, great, great, great
Landlord of Dickensonstown.

## Cé acu tuairim a n-aontaíonn tú leo?

Cuir ciorcal timpeall ar do rogha:

Liam, Peg agus Seamus      Bridget, Siobhán, Mick

## Do chúiseanna:

| | |
|---|---|
| **1** | ..................................................... |
| **2** | ..................................................... |
| **3** | ..................................................... |
| **4** | ..................................................... |

## Ag Léamh Idir na Línte

**Ullmhúchán (lá nó dó roimh ré): Cogadh na gCarad**

Sula dtugann siad faoin ngníomhaíocht seo ba cheart roinnt eolais a bheith ag na daltaí faoi Chogadh na gCarad.

Tá go leor eolais san úrscéal grafach *The Irish Civil War* le Maeve Clancy. Gheobhaidh sibh cóip den leabhar agus sibh ag freastal ar an dráma. De rogha air sin d'fhéadfá an achoimre ghearr seo ó *Encyclopedia Britannica's Kids Britannica* a léamh le do rang: https://kids.britannica.com/kids/article/Irish-Civil-War/487507

**Gníomhaíocht: Plé Ranga**

- Céard is siombail ann? Pléigh agus tabhair deis do na páistí a dtuairimí agus a dtuiscintí féin ar an téarma a thabhairt [m.sh. Is ionann siombail agus cód rúnda a léiríonn rud éigin eile]
- Céard iad na siombailí a fheiceann muid chuile lá? Faigh tuairimí an ranga.
- Taispeáin Sampla 2. Céard a léiríonn na siombailí seo? Pléigh.

**Gníomhaíocht:** Ceann de na rudaí is fearr leat mar shiombail Féach Bileog Ghníomhaíochta 2

**Gníomhaíocht: Léigh os ard agus Pléigh**


Léigh alt poiblíochta *The Table* le cuimhní ón dráma a spreagadh (féach thíos nó d'fhéadfá an nasc chuig an suíomh idirlín a oscailt ar an gclár bán https://branar.ie/en/shows/the-table )

> "Tá an Bord ag croílár tigh Uí Fhlatharta.
>
> Snoite ó chrann leagtha a sinsear, ó ghlúin go glúin leagadh cliabháin air, bhí páistí ag súgradh faoi, rinne daoine fásta ceiliúradh aige agus is iomaí slán a fágadh thairis. Buailtear bob, déantar margadh, agus tagann athrú buan ar theaghlach. Tá an Bord a thug le chéile i gcónaí iad anois ag seasamh eatarthu.
>
> Scríofa ag Christian O'Reilly agus stiúrtha ag Marc Mac Lochlainn, cuireann cliar chomhriartha *The Table* i láthair. Déanann Branar iniúchadh mothálach ar thionchar Chogadh na gCarad sa scéal seo faoi theaghlach scoilte."

Agus muid ag smaoineamh ar an dráma agus ag léamh an ailt thuas, an féidir linn smaoineamh ar aon ghné den dráma atá ag feidhmiú mar shiombail de rud éigin eile Féach Bileog Ghníomhaíochta 3

# Ag Léamh Idir na Línte

Sampla 2





# Ag Léamh Idir na Línte



Ceann de na rudaí is fearr leat
Déan sceitse beag anseo:

**A: Céard a thaitníonn leat faoin rud seo, nó cén fáth go bhfuil sé tábhachtach duit?**

..............................................................................................

..............................................................................................

..............................................................................................

..............................................................................................

..............................................................................................

..............................................................................................

**B: An bhfuil an rud seo ina shiombail de rud éigin eile duitse?**

..............................................................................................

..............................................................................................

..............................................................................................

..............................................................................................

..............................................................................................

..............................................................................................

**Smaoinigh faoi na bealaí go mbeidh tú in ann an rud seo a úsáid mar shiombail i do scéalta agus do phictiúirí.**

Nod: Smaoinigh faoi na mothúcháin a spreagann an rud seo ionat.

# Ag Léamh Idir na Línte



Tarraing nó ainmnigh trí ghné (rud, carachtar nó eachtra srl.) a ritheann leat ón dráma The Table gur siombailí iad de rud éigin eile, dar leat. Ar na línte thíos scríobh na rudaí go bhfuil siad mar siombailí díobh. Abair cén fáth go gceapann tú é sin, más maith leat.

**Ag Tarraingt** ón Stair

Bhreathnaigh an t-ealaíontóir Maeve Clancy ar go leor grianghraf ó thréimhse Chogadh na gCarad nuair a bhí an t-úrscéal grafach *The Irish Civil War* á scríobh aici. B'in é an taighde físiúil a rinne sí.

Is úrscéal grafach neamhfhicsean é *The Irish Civil War*. Insíonn sé fíorscéal Chogadh na gCarad.

**Gníomhaíocht: Féach ar an ngrianghraf seo** ó thréimhse Chogadh na gCarad **agus pléigh**.

https://www.flickr.com/photos/yournlireland/6079163342/in/photostream/lightbox/ [ii]

Ceisteanna molta[2]

- Céard atá ag tarlú sa ghrianghraf seo? [Cuir tús leis an bplé]
- Céard a fheiceann tú a spreagann an tuairim sin? [Iarr ar na páistí fianaise a thabhairt le tacú lena dtuairimí]
- Céard eile atá ann? [Iarr tuairimí difriúla]

Moltaí le comhrá a spreagadh

- Tá sé an-tábhachtach go gcloistear daoine agus go dtugtar meas dóibh le rannpháirtíocht a chothú. Breathnaigh ar an bpictiúr agus ar an ndalta atá ag caint chomh maith. Cuir do mhéar ar na rudaí sa phictiúr a luann an dalta. Sméid do cheann agus déan miongháire.
- Éist go cúramach le gach dalta agus déan aithinsint ar an méid a deir siad don rang. D'fhéadfá forbairt a dhéanamh ar an bhfoclóir trí fhocla éagsúla a úsáid san athinsint, ach bí cinnte gan ábhar cainte ná tuairim an pháiste a athrú.
- Coinnigh súil ar na tuairimí éagsúla a nochtar agus déan nasc eatarthu, ag tabhairt aitheantais do thuairimí difriúla agus smaointí nua.

**Gníomhaíocht Bhreise Tarraingthe:** Féach Bileog Ghníomhaíochta 4

Bain úsáid as an mbileog ghníomhaíochta le pictiúr a tharraingt den mhéid a tharla 5 nóiméad sular tógadh an grianghraf, dar leat, agus den mhéid a tharla ina dhiaidh.

**Gníomhaíocht Bhreise Phictiúr Reoite**

- Bris suas an rang i ngrúpaí de chúigear.

[2] Yenawine, Philp. "Visual Thinking Strategies" Cambridge Mass.: Harvard University Press 2013.

- Iarr ar gach grúpa a leagan féin den ghrianghraf a chruthú mar phictiúr reoite beo, ag díriú ar ghné áirithe den ghrianghraf ag brath ar a n-uimhir.
- Pléifigh gach grúpa an méid a tharla 5 nóiméad níos luaithe agus déanfaidh siad leagan den íomhá sin mar phictiúr reoite beo.
- Pléifidh gach grúpa an méid a tharla 5 nóiméad níos déanaí agus déanfaidh siad leagan den íomhá sin mar phictiúr reoite beo.
- Cuireann gach grúpa a bpictiúirí reoite beo i láthair don chuid eile den rang ansin in ord croineolaíoch. Iarrfaidh an múinteoir ar an lucht féachana a súile a dhúnadh agus gach fráma á shocrú suas agus a oscailt nuair atá sé réidh.
- Iarr ar na daltaí eile, an lucht féachana, cur síos a dhéanamh i bhfocail den mhéid a chonaic siad.

Nóta: Díríonn na gníomhaíochtaí thuas ar ghrianghraf stairiúil mar phointe tosaigh cruthaitheach agus is féidir iad a nascadh leis an gcuraclam Amharc-Ealaíne agus Drámaíochta araon. Tá go leor bealaí le leas a bhaint as grianghraifeanna sa seomra ranga. Tá an acmhainn seo a leanas, a bhaineann leis an gcuraclam Staire agus grianghraifeanna a úsáid mar fhianaise, curtha le chéile ag an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí:

https://www.pdst.ie/sites/default/files/using_photos_as_evidence.pdf

[ii] Children Play Red Cross during the Civil War, NLI Ref INDH 211

# Ag Tarraingt ón Stair

Bileog Ghníomhaíochta 4

**1.**



**2.** Samhlaigh céard a tharla 5 nóiméad roimhe. Tarraing anseo é

Tarraing an íomhá seo (nó chuid de) anseo

**3.** Samhlaigh céard a tharla ina dhiaidh sin. Tarraing anseo é

Íomhá le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

## Achmhainní Ar Líne

**Cogadh na gCarad / An Saol in Éirinn sna 1920idí**

Léargas ar Chogadh na gCarad
https://www.ucc.ie/en/theirishrevolution/collections/atlas-resources-for-schools/unit-7-the-treaty-and-the-civil-war/
https://kids.britannica.com/kids/article/Irish-Civil-War/487507

Físeán ó thréimhse Chogadh na gCarad
https://www.britishpathe.com/workspaces/page/ireland-revolutionary-period-1916-1924

Grianghraifeanna ó thréimhse Chogadh na gCarad
https://catalogue.nli.ie/ Faoi 'Brabhsáil de réir Formáid' cliceáil ar 'Photo' > sa cholún ar dheis faoi 'Infhaighteacht ar líne' cliceáil ar 'Digitised' > cuir isteach raon dátaí 1921-1923 sa cholún ar dheis faoi 'Bliain Foilsithe'

Tithe scoile go luath sna 1900idí
https://endaoflaherty.com/2016/08/21/the-school-house-in-ireland-at-the-turn-of-the-20th-century-heritage-week-2016-series/

**Acmhainní Eile**

Ealaíontóir Maeve Clancy ag caint faoi an t-úrscéal grafach "The Irish Civil War"
https://www.rte.ie/radio/radio1/arena/programmes/2023/0210/1355999-arena-friday-10-february-2023/ **scrollaigh go dtí 04:21 (tá píosa 14 nóim ó 04:21-18:27)**

Stiúthóir an Dráma *The Table / An Bord*, Marc Mac Lochlainn & an tAisteoir Eoin Ó Dubhghail ag caint le Marcus Mac Conghail faoin dráma
https://www.rte.ie/radio/rnag/clips/22211515/

Ag úsáid grianghraifeanna mar fhianaise
https://www.pdst.ie/sites/default/files/using_photos_as_evidence.pdf

Díospóireachtaí Siúil
https://www.jct.ie/perch/resources/english/walking-debate-strategy-sheet-2.pdf

Straitéisí Amharcsmaointeoireachta
https://www.ucc.ie/en/vts/about/

Lethanú an dul i ngleic leis an téatar sa seomra ranga
https://www.imaginate.org.uk/f/5878227c4fbd1

**Suíomh idirlín Branar** www.branar.ie

**Más mian leat bhur smaointe ar The Table nó aon torthaí oibre ón seomra ranga a roinnt ba bhreá linn cloisteáil uaibh. Is féidir leat dul i dteagmháil le Branar ag info@branar.ie**